Fáiltím roimh an deis seo Tuarascáil Bhliantúil OOP 1916 a chur faoi bhráid an Aire Stáit ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le freagracht speisialta as Oifig na nOibreacha Poiblí agus Faoisimh Tuile, an tUasal Seán Canney, T.D. Leiríonn an tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta ag OOP i mbliain a dó den tréimhse a chlúdaítear faoinár Ráiteas Stráitéise (2015-2017).

Leiríonn an Tuarascáil seo éachtaí mo réamtheachtaí, Ms. Clare McGrath le linn a tréimhse i gceannas ar OOP, os rud é nár thosaigh mise mo thréimhse mar chathaoirleach go dtí deireadh 2106. Thar ceann OOP, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Clare as a seirbhís agus a ceannaireacht thiomanta i dtaca leis an eagraíocht seo, le linn a tréimhse mar Chathaoirleach.

Tá OOP gafa le réimse leathan gníomhaíochtaí faoinár dhá phríomhchlár um Bhainistíocht Riosca Tuile agus Bainistíocht Punann Eastáit. Rinne muid dul chun cinn suntasach in 2016 ó thaobh straitéise agus oibríochta, agus tá ár misean i dtaca leis an dá réimse seo curtha chun cinn ago suntasach againn. Bhí polasaithe a d’eascair ón nGrúpa Comhordaithe Polasaí Tuile um réitithe neamhstruchtúrach i gcomhair riosca tuile san áireamh inár mBainistíocht um Riosca Tuile; comh-mholtaí i leith riosca tuile ó Ghrúpa Gníomhaireachta Stáit um Riosca Tuile na Sionanne; agus bunaíodh grúpa stiúrtha idirghníomhaireachta, faoi chathaoirleacht OOP chun Seirbhís Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise a fhorbairt. Bhí Tairseach Ghréasáin um Nuashonrú Staidéir Tuile OOP (FSU) ar an ngearrliosta do Ghradaim um SárFheabhas agus Nuálaíochta sa Stáit Seirbhís 2016. In 2016, leanadh le próisis bhunathraithe gnó i mBainistíocht Punainne Eastáit agus tá sé dírithe ar fheabhas a chur ar sheirbhísí agus cumarsáid lenár gcliain, pleanáil agus maoirseacht, inniúlachtaí a fhorbairt agus bainistíocht sonraí. Ba bhliain speisialta chomórtha céad bliain a bhí ann í 2016, ina raibh earnálacha ar fud na tíre páirteach. Bhí ról suntasach ag OOP i rathúlacht ócáidí comórtha agus bhuaigh Clár Comórtha Céad Bliain 2016 an Duais um Thionchar ar Shaoránaigh ag searmanas na nGradam um SárFheabhas agus Nuálaíochta sa Stáitseirbhís i mí na Nollag 2016. Chomh maith leis sin, rinne OOP cuimhneachán 185 bliain a mbunaithe a chomóradh, trí thaispeántas i gCaisleán Rath Fearnáin, a chuir an réimse leathan oibreacha poiblí atá ar bun ag OOP leis na blianta fada, i láthair.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do lucht oibre Oifig na nOibreacha poiblí agus aitheantas a thabhairt dóibh as a seirbhís thiomanta, dhíograiseach in 2016, agus buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara as ucht a gcomhoibríthe lenár ngníomhaíochtaí.

**Maurice Buckley**  
**Cathaoirleach**



## 2. Ár Misean

### Ráiteas Misin

Is é an misean atá ag Oifig na nOibreacha poiblí ná leas a bhaint as an taithí agus an saineolas atá againn faoi na réimsí sainordaithe atá faoinár gcúram ar mhaithe le seirbhísí éifeachtacha, inbhuanaithe, nuálacha a chur ar fáil don phobal agus dár gcliaint, le tiomantas, gairmiúlacht agus le hionracas, faoi threoir an Rialtais.

### Feidhmeanna

In 2016 ba iad Bainistíocht na Punainne Eastáit agus Bainistíocht maidir le Riosca Tuitte croífheidhmeanna Oifig na nOibreacha poiblí. Fuair na réimsí oibríochta sin tacaíocht ó na seirbhísí corparáideacha. Dírionn OOP, go príomha, ar sheirbhísí a sholáthar do chustaiméirí. Is iad seo a leanas ár gcustaiméirí: an pobal, an Rialtas, Rannóga eile, Oifigí, Gníomhaireachtaí, maraon leis an tseirbhís phoiblí i gcotinne.

<b>Portfoilió Eastát a Bhainistiú</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• <b>Fís:</b> An caighdeán a leagan síos do bhainistiú, do chothabháil, do dhearadh, d'fhoinsiú agus do chaomhnú Phortfoilió Oidhreachta agus Maoine an Stáit agus forbairt straitéisí, prótacail agus caighdeáin náisiúnta a stiúradh chun úsáid roinnte agus éifeachtúil cóiríochta d'ardchaighdeán a uasmhéadú feadh na Seirbhíse Poiblí ar chostas laghdaithe.</li></ul>
<b>Bainistiú Riosca I gCás Tuitte</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• <b>Fís:</b> Na tionchair a bhíonn ag tuitte abhann agus cósta ar an tsochaí, ar theaghlaigh, ar ghnólachtaí agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú, trí threoir agus comhairle maidir le baol ó thuitte a sholáthar sa réimse pleanála inbhuanaithe, cuidiú le forbairt pobail chun go mbeidh teacht aniar iontu agus bearta maolaithe éifeachtacha a fheidhmiú do cheantair a bhíonn i mbaol.</li></ul>
<b>Seirbhísí Corparáideacha</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• <b>Fís:</b> Acmhainn agus cumas ár bhfoirne a uasmhéadú chun príomhfheidhmeanna agus príomhchuspóirí na hOifige seo a chomhlíonadh. An tiomantas, an ghairmiúlacht agus an t-ionracas atá ar shaintréith OOP le breis agus 185 bliain anuas a chur i bhfeibhm maidir lenár ngníomhaíochtaí go léir</li></ul>

### 3. Buaicphointí 2016

#### Bainistíocht Punainne Eastáit

##### Réadmhaoin

- Críochnaíodh an obair ar Sciatháin Stairiúla an Ghailearaí Náisiunta i mí na Nollag 2016.
- Críochnaíodh an polasaí i leith fháltas agus diúscairt réadmhaoine an stáit agus rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é a scaipeadh i gCiorclán 17/2016.
- Ullmhaíodh cur chuige nua i dtaca le rangachán agus bearta a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi bhainistíocht réadmhaoine agus bearta tionscadail.
- Ullmhaíodh treoirlínte agus caighdeáin do chóiríocht oifige.

##### Oidhreacht

- Ghlac OOP páirt in ócáidí Comórtha Céad Bliain 1916, agus bhí ról lárnach ag an oifig sa cheiliúradh, mar a raibh sí páirteach i 264 ócáid agus chaith an oifig buiséad de €4.1m.
- Taifeadadh 6.6 milliún cuairteoir ag láithreáin threoraithe OOP in 1916, ardú ó 4.9 milliún in 2015.
- Cuireadh tionscadal ollmhór caomhnaithe shéipéal Chormaic ag láithreán Charraig Phádraig, a bhí ar siúl le 5 bliana, i gcrích.

#### Bainistíocht Riosca Tuile

- Bhí caiteachas caipitil de €47m i gceist le mórscéimeanna faoisimh tuile agus mionoibreacha tionscadail eile.
- Foilsíodh an Dréahtphlean Bainistíochta Riosca Tuile, i gcomhair comhairliúcháin ar bhonn atrátha ó mhí Iúil 2016. Tá an Plean bunaithe ar an eolas a fuarthas trí léarscáileanna a rinneadh i dtaca le hathrú aeráide a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, maraon le cúinsí reatha.
- Rinneadh cothabháil ar 2,100km de chainéal draenála artaireach OOP in 2016.
- Lean OOP ag cur seirbhís chomhairliúcháin ar fáil do na húdaráis phleanála, i dtaca le feidhmiú na dTreoirlínte um Chóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuile.
- Bhí OOP i mbun stáisiún tomhsaireachta uisce dromchla ag 395 ionad, idir aibhneacha, locha agus ag láithreacha taoide ar fud na tíre. Tá sonraí maidir le leibhéal uisce ó fhormhór na stáisiún sin ar fáil anois ar bhonn fíor-ama (gach 15 noiméad) ag [www.waterlevel.ie](http://www.waterlevel.ie).

#### Seirbhísí Corparáideacha

- Foilsíodh an Creat um Rialachais Chorparáideach OOP i mí Aibreán 2016 agus déanfar é a uasdátú ar bhonn leanúnach.
- Cuireadh próiseas um Bhunathrú Gnó d'fheidhm um Bhainistíocht Punainne Eastáit chun cinn i dtaca le hathstruchtúrú eagraíochtúil a chur i gcrích. Cuireadh Córas Bainistíochta Eastáit agus tionscadal um Mheasúnú Inniúlachtaí i gcrích, agus tosaíodh á chur i bhfeidhm.
- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Custaiméirí OOP leasaithe don tréimhse 2017-2019.

## 4. Athbhreithniú: Bliain 2, Ráiteas Straitéise 2015 – 2017, Cuspóirí Straitéise agus Dul chun Cinn in 2016

### 4.1 Bainistíocht Punainne Eastáit

Is faoin gceannteideal aontaithe Bainistíocht na Punainne Eastáit (BPE) a sholáthraítear seirbhísí Réadmhaoine agus Oidhreachta san am i láthair. Tá mórphunann réadmhaoine faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht OOP.

#### 4.1.1 Réadmhaoin

I mbainistiú na punainne seo, déanann OOP seirbhís chomhroinnte a chur ar fáil do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí an Rialtais Láir, sna réimsí a bhaineann le bainistíocht réadmhaoine agus cothabháil réadmhaoine, ina measc seirbhísí bainistíochta ailtireachta, innealtóireachta, luachála, suirbhéireachta cainníochta, seirbhísí bainistíochta tionscadal agus seirbhísí bainistíochta saoráidí.

**Cuspóir:** *Straitéis chuimsitheach um Bhainistíocht Sóchmhainní Réadmhaoine a ullmhú, ina mbeidh: roghanna cuíchóiriithe, athinfheistíochta agus cothabhála i dtaca leis an bpunann réadmhaoine; straitéis bainistíochta sóchmhainní a ullmhú chun diúscairt réadmhaoin an stáit a bhainistiú; straitéis 20 bliain a ullmhú i dtaca le réadmhaoin uile OOP.*

- In 2016, rinneadh staidéar rangaithe ar chóiríocht oifigí a bhí ar léas nó faoi úinéireacht an OOP i gceantar Bhaile Átha Cliath. Is é an chuspóir a bhí leis seo ná tosaíocht agus catagóiriú a dhéanamh ar phunann réadmhaoine Bhaile Átha Cliath, bunaithe ar riocht agus ar shuíomh na réadmhaoine. Bunófar straitéis pleanála agus bainistíochta airgeadais i dtaca le punann Bhaile Átha Cliath ar an staidéar seo, don ghearrthearma, meántearma agus an fadtearma, trí chlár straitéiseacha infheistíochta, diúscairt agus barrfheabhsaithe a aithint.
- Ullmhaíodh dréacht do Threoirlínte agus cáipéis Chaighdeán um Chóiríocht Oifige OOP agus scaipeadh an dréacht ar an bhFoghrúpa um Chóiríochta. Cuireadh an t-aiseolas a fuarthas san áireamh sa dréacht deiridh agus tá sé réidh le foilsiú anois.
- Nuair a fheidhmeofar é, tabharfaidh an Córas Bainistíochta Eastáit (Bainistíocht Chomhtháite sa Láthair Oibre) tacaíocht d'fhorbairt Straitéis Bainistíochta um Shóchmhainní Réadmhaoine cuimsitheach.
- Mar pháirt de bhainistíocht straitéiseach um phunann eastáit, rinne an OOP 19 réadmhaoin a dhiúscairt in 2016 ar luach de €3.4m.

Sa Chéad chlár um Chlárúcháin, aithníodh 100 áitreabh faoi úinéireacht an stáit a bhfuil ceangal dlí orthu i dtaca le bheith cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (ÚCM). Go dtí seo, cláraíodh 15 réadmhaoin agus is í aidhm an chlár ná go gclárófaí 15 réadmhaoin gach ráithe. Braitheann rathúlacht maidir le ráta cláraithe ar cháipéisíocht a bheith ar fáil, agus cruinneas léarscáileanna, maraon le staid na talún. Táthar ag déanamh fiosrúcháin chasta i leith roinnt clárúcháin, i lathair na huair, agus tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag plé leo sin, thar ceann OOP.

**Cuspóir:** *Acmhainn agus cumas straitéiseach maidir le bainistiú sóchmhainní maoine a fheabhsú ar fud na seirbhíse poiblí agus riarachán um bhainistiú sóchmhainní maoine a chuíchóiriú.*

- Chun aistriú foirgnimh agus réadmhaoine idir eagraíochtaí poiblí a éascú, chuir an Grúpa Stiúrtha um Bhainistíocht Sóchmhainní Réadmhaoine na Prótacail um Shóchmhainní Réadmhaoine a Chomhroinnt agus a Aistriú i gcrích, agus scaip an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad ar na Ranna/Oifigí i Mí Meán Fómhair 2015 (Ciorclán 11/2015). Thacaigh OOP le húsáid na bprótacal in 2016 trí:
  - Comhairle a thabhairt d'eagraíochtaí Stáit eile maidir le ceistanna praiticiúla faoi fheidhmiú na bprótacal.
  - Clár Réadmhaoine an Stáit a chur i láthair. Tá sonraí achomair 24,000 réadmhaoin cláraithe ag eagraíochtaí neamhthráchtála leis an gClár, ina measc, an OOP, Údarás Áitiúla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), agus tá an obair seo idir lámha faoi láthair.
  - Na Prótacail féin a úsáid chun réadmhaoin a aistriú agus a chomhroinnt le heagraíochtaí stáit eile.
- Cheadaigh an Grúpa Stiúrtha um Bhainistíocht Sóchmhainní Réadmhaoine an polasaí maidir le Fáltas agus Diúscairt Réadmhaoine an Stáit, agus scaip an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é seo i Mí an Mheithimh 2016 i gCiorclán 17/16.

- Ullmhaíodh cúrsa bunleibhéal 7 lá, i leith bainistíochta réadmhaoine i rith 2016, agus cuirfidh Cumann na Suirbhéirí Cairte an cúrsa i láthair, ag tús 2017. Cuirfidh an cúrsa seo eolas bunúsach ar fáil maidir le príomhghnéithe na Bainistíochta Réadmhaoine agus comhlíonann sé ceann de na haidhmeanna faoin bPlean Seachadta um Bhainistíocht Sóchmhainní Réadmhaoine.

Chuir OOP Ceardlann Ghréasáin na mBainisteoirí Réadmhaoine i láthair i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Mí Dheireadh Fómhair 2016. Clúdaíodh ábhair ar nós, briseadh léasa, an tÚdaráis Clárúcháin Réadmhaoine agus impleachtaí CBL i dtaca le hidirbhearta réadmhaoine.

**Cuspóir:** *Clár chothabhála atá pleanáilte agus coiscteach, bunaithe ar mheasúnú ar staid na bhfoirgneamh, a chur in ionad na seirbhíse frithghníomhaí um chothabháil foirgnimh.*

- Ó chur chun feidhme Chiorclán 1/13, athraíodh socruithe maoinithe, agus tá an tsamhail maidir le cothabháil réadmhaoine athraithe, agus ina ionad sin tá an bhéim á chur ar chothabháil pleanáilte, coiscteach atá bunaithe ar mheasúnú ar staid na bhfoirgneamh, seachas cothabháil fhrithghníomhach. Ullmhaíodh Clár um Uasghrádú ar Chreatlach Foirgneamh ina ndéanfar obair fheabhsúcháin ar fhuinneoga agus díonta, go príomha, chun tacú le cur chuige straitéiseach i dtaca le seanfhoirgnimh atá faoi úineireacht an Stáit. Caitheadh níos mó airgid ar obair chothabhála pleanáilte i rith 2016 ná an méid a caitheadh ar an gcineál seo oibre sna blianta atá caite.
- Thosaigh Clár Iarfheistithe Réadmhaoine in 2016, ag díriú ar stoc cóiríochta an Rialtais agus tá sé d'aidhm ag an gclár, cothabháil a dhéanamh ar chreatlach foirgneamh maraon le barrfeabhas a chur ar acmhainneacht foirgnimh oifige an Stáit, de réir Phlean Sheachadta um Bhainistíocht Sóchmhainní Réadmhaoine.
- Seoladh an Clár um Fhoirgnimh atá Neodrach nach mór ó thaobh Fuinnimh de (NZEB), i gCeannoifig OOP i mBaile Átha Troim, ar an Aoine, an 11 de Shamhain 2016. Rinne an Príomh-Ailtire Stáit Ciaran O' Connor, FRIAI an ócáid a chomhordú agus thug sé aitheasc ag an ócáid. Seoladh an Ócáid Bhliantúil Doirse Oscailte NZEB inar tugadh cuairt ar líon ard foirgneamh ar fud na tíre agus a bhí comhordaithe ag Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEIA) agus ag Leictreachas Éireann. San áireamh, chomh maith, den chéad uair, tugadh deis don phobal agus d'aíonna cuairt a thabhairt ar Cheanncheathrú OOP. Ón 1 Eanáir 2019, caithfear gach foirgneamh poiblí a dhearadh de réir chaighdeán tógála um fhuinneamh neodrach nach mór ó thaobh fuinnimh de. Faoi Threoir Feidhmíochta Fuinnimh Foirgneamh an AE (EPBD-2002/91/EC) agus I.R. 243 de 2012, tá dualgais i bhfeidhm maidir le híoschaighdeáin um fheidhmíocht fuinnimh d'fhoirgnimh nua agus foirgnimh eile a ndéantar mór-athchóirithe orthu agus ina bhfuil achar urláir de bhreis agus 1000m<sup>2</sup>.
- Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích in 2016:
  - Ceancheathrú nua d'Oilimpicí Speisialta Éireann ag an gCampas Náisiúnta Spóirt i mBaile an Aba;
  - Athchóiríodh iar-Stáisiún na nGardaí i bhFionnbhrú, i gCeantar Bhaile Átha Cliath 9, chun athlonnú Mharbhlann Bhaile Átha Cliath agus Oifig an Phaiteolaí Stáit, a éascú;
  - Athchóiríodh Teach Lansdúin chun an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a lonnú ann;
  - Rinneadh feistiú ar Áras Chnoc Muáin, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, chun é a ullmhú d'athlonnú Oifig na bPasanna ó Shráid Theach Laighean;
  - Athchóiríodh Teach na nAltraí, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 mar spás oifige;
  - Críochnaíodh oibreacha ar Sciatháin Stairiúla an Ghailearaí Náisiúnta i Mí na Nollag 2016.
  - Críochnaíodh oibreacha ar Phríosún Chill Mhaighneann agus ar an gCeoláras Náisiúnta i gcomhar le Clár Comórtha 1916.

Ullmhaíodh an Córas Bainistíochta Eastáit ar bhealach a thabharfaidh tacaíocht do chlár chothabhála atá pleanáilte trí fheidhmiúlacht an mheasúnú stáide.

Tionscadail eile a cuireadh chun cinn i rith 2016:

- Mórthionscadail tógála de chuid na nGardaí – Sráid Chaoimhín, Gaillimh agus Loch Garman – le bheith críochnaithe i 2017. Móroibreacha feabhsúcháin déanta ar choláiste Oilíúna na nGardaí sa Teampall Mór, i gCo. Thiobraid Árann, Céim 1-críochnaithe den chuid is mó, i Mí na Nollag 2016, céim 2- tá tógáil ag leanacht ar aghaidh. .
- Tús curtha le hobair chaomhantais ar Theach Laighean, le clár leathnaithe oibreacha cumais le cur i gcrích.
- Seacht dtionscadal cúirteanna nua san áireamh i bPacáiste Spreagthaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus á soláthar faoin scéim Soláthair Poiblí-Príobháideach Cliste.
- Oibreacha uasghrádaithe chun Saotharlann Víreolaíochta a chur ar fáil i mBacastúin chun acmhainn Chatagóir 4 a chumasú don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le bheith críochnaithe den chuid is mó, in 2017.



**Cuspóir:** *Feidhmiú an Chláir um Chumhacht á barrfheabhsú @ an Obair ar fud na Seirbhíse Poiblí.*

- Faoi láthair, tá 40 eagraíocht poiblí (15 Ospidéal Mhóra, 9 gCampas Oideachais, 13 Údarás Áitiúil, 2 Phríosún agus foirgnimh éagsúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), páirteach ann. Caitear timpeall €30m sa bhliain ar fhuinneamh sna foirgnimh seo. Tá OOP ag obair go dlúth le hOifig Inbhuanaitheachta FSS chun an feachtas a chur i bhfeidhm in ospidéal mhóra ghéarchúraim.
- Maidir lena phunann réadmhaoine féin, tá OOP ag coigilt 21% tríd an “an Chumhacht á Barrfheabhsú @ an Obair – Feachtas an Rialtais Láir”. Caitear €22m, san iomlán, ar fhuinneamh sna foirgnimh seo. Cuirtear tuairisc ar fáil go rialta don Roinn Chumarsáide, Gníomhú ar Son na hAeráide agus Comhshaoil (de réir Threoir Éifeachtúlachta Fuinnimh – Airteagal 5), maidir leis na coigiltis a dhéantar i bhfoirgnimh an Rialtais Láir.
- In 2016, ba é riachtanas Fuinneamh Príomhúil Iomlán (TPER) OOP ná 54.7 GWh, i dtaca le fuinneamh leictreach agus teirmeach foirgnimh agus breosla iompair. Tháinig laghdú de 17% ar an méid fuinnimh a úsáidtear i bhfoirgnimh iomlána OOP ó 2009.

**Cuspóirí:** *Comhairle theicniúil a sholáthar don Rialtas agus do ghníomhaireachtaí, sárchaighdeán a chur chun cinn sa timpeallacht thógtha, inbhuanaitheacht, feasacht phoiblí, oideachas agus taighde. Seirbhísí bainistíochta agus deartha a chur ar fáil do riachtanais thógála agus maoin an rialtais agus cliant an stáit chun tacú leis an straitéis um bhainistiú sócmhainní réadmhaoine.*

Is é an tAiltire Stáit a thugann comhairle don Uachtarán agus don Rialtas maidir le gnóthaí ailtireachta. I measc na gníomhaíochtaí in 2016, bhí siad seo a leanas:

- Rannpháirtíocht sa Choiste um Chonarthaí Tógála an Rialtais, ag forbairt polasaithe soláthair agus conartha, ag tacú le caighdeán ailtireachta i dtionscadail atá á maoiniú ag an Stát;
- Comhairliúchán i dtaca le reachtaíocht agus rialacháin a bhaineann le caighdeán ailtireachta agus an timpeallacht thógtha;
  - Comhairliúchán maidir le caighdeán dheartha na gclár infreastuchtúir ar fad;
  - Comhairle don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le tábhacht na bhfoirgneamh stairiúil faoi Alt 482, den Acht Airgeadais;
  - Comhairle do Ranna ábhartha maidir le cúram séadchomharthaí agus cúram, caomhnú, athchóiriú agus athúsáid na bhfoirgneamh stairiúil;
  - Ag déanamh moltaí maidir le feidhmiú bogearraí Samhaltaithe Faisnéise Foirgníochta (BIM), i dtaca le réadmhaoin Rialtais.
  - Comhairle i dtaca le Polasáí Ailtireachta an Rialtais. Seoladh Cáipéis Athbhreithnithe um Thuarascáil Bhliantúil ar Pholasáí Ailtireachta an Rialtais sa Leabharlann Náisiúnta, i Mí na Nollag 2016. Comhordaíodh é le hionchur agus uasdátú a sholáthar an tAiltire Stáit maidir le stádas reatha na ngnéithe a bhí ar an liosta Gníomhartha.

#### **4.1.2 Oidhreacht**

Is í OOP an Phríomhghníomhaireacht maidir le réadmhaoin chultúrtha agus oidhreachta a chaomhnú, a chothabháil agus a chur i láthair, agus tá sí freagrach as cothabháil, oibríocht agus cur i láthair na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Maoin Stairiúil atá faoi chúram an Stáit, ó lá go lá.

Is í freagracht OOP i leith na hoidhreachta tógtha atá faoi chúram an Stáit (i.e. Faoi úinéireacht nó chaomhantais an Stáit) ná:

- Breis agus 780 séadchomhartha náisiúnta a bhainistiú, a chothabháil, a chaomhnú agus a chur i láthair, ina measc tá dhá shuíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO, is iad sin Sceilg Mhichíl agus Brú na Bóinne.
- 32 Maoin Náisiúnta Stairiúil a bhainistiú, a chaomhnú agus a chur i láthair, ina measc, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Páirc an Fhionnuisce, Garraithe na Lus, Oileáin an Bhlascaoid, agus suíomhanna mar Ghairdíní Heywood, Páirc Naomh Éanna, Cúirt Ioma agus Teach agus Gairdíní Bhaile an Chaisleáin.
- Seirbhís treorach do chuairteoirí ar fáil ag 70 láthair – ar bhonn lán-aimseartha agus séasúrach - agus bhí cead isteach saor in aisce i roinnt láithreán agus bhí táille ar chead isteach i roinnt láithreán eile.

- Breis agus 5000 acra, idir pháirceanna agus ghairdíní a bhainistiú agus a shaothrú le bailiúchán plandaí agus dearáí a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.
- Caomhnú agus cothabháil ár n-oidhreacht nádúrtha; tá gnáthóga bithéagsúlachta in a lán de láithreáin oidhreachta OOP agus tá fiadhúlra, flóra agus fána faoi chosaint iontu.

Cuspóirí: Torthaí den scoth a bhaint amach agus sárchaighdeáin a chothú maidir le caomhantás agus cothabháil láithreán oidhreachta. Ardú a chur ar an líon cuairteoirí chuig láithreáin oidhreachta, ionas go mbeidh breis acmhainní ar fáil i gcomhair infheistíochta. A chinntiú go mbeidh na scileanna riachtanacha gairmiúla, teicniúla agus ceardaíochta ar fáil, chun freastal ar thiomantas an Rialtais i leith chaomhantás oidhreachta.

### Comóradh Cuimhneachán Céad Bliain 1916

- Bhí ról tábhachtach ag OOP i bpleanáil agus i gcur i láthair Éire 2016: Clár Comórtha, mar a raibh 97 ócaid i gceist. Bhí 167 ócaid eile ar siúl; agus b'ócáidí Stáit nó ócaidí a raibh tábhacht leo ar bhonn náisiúnta, a bhí i 24 de na hócáidí sin. Bhí príomhról ag OOP i ngnéithe oibríochta agus lóistíochta a bhain le hócáidí poiblí, i rith Sheachtain na Cásca 2016 agus rinne an oifig bainistiú ar chaiteachas de €4.1 milliún, a bhain le *Éire 2016: Clár Comórtha*, maraon le €335,000 a bhain le hócáidí eile.
- Bhuaigh Clár Comórtha Céad Bliain 2016 "Duais um Thionchar ar Shaoránaigh" ag searmanas na **nGradam um Sárfeabhais agus Nuálaíochta sa Stáitseirbhís i 2016**. Chomh maith leis sin bhuaigh OOP agus a bpáirtithe Roinne/Oifigí "Duais don Chomhoibriú Soláthair – Earnáil Phoiblí" – sna **Gradaim Náisiúnta do Sheachadadh agus Slabhra Soláthair 2016**, d'Ócaidí Stáit um Chomórtha an Stáit Eirí Amach 1916.
- Osclaíodh iar-Theach Cúirte Chill Mhaighneann don phobal. Rinneadh oibreacha ailtireachta ar an bhfoirgneamh bunaithe ar shárchleachtas caomhantais, feistíodh gnéithe suntasacha chun éascaíocht a dhéanamh do chuairoteoirí, agus chun é a chur in oiriúint don phobal, i bpáirt leis an gcuid eile de na foirgnimh i gCill Mhaighneann. Glacadh leis mar cheann de thionscadal forbraíochta caipitil um Mheabhrúchán Buan an Rialtais, agus osclaíodh é díreach roimh an gCáisc, mar cheann de na príomhócáidí oifigiúla;
- Bhí OOP páirteach san fhoireann tionscadail a réitigh Ionad Cuairteoirí ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc;
- Tosaíodh ar thionscadail éagsúla, "1916 – Portraits & Lives", san áireamh, i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann; Tionscadal suíomh gréasáin *Shíniúcháin* Chill Mhaighneann agus sraith de thaispeántais agus ócaidí speisialta i Músaem an Phiarsaigh i Rath Fearnáin;
- Chomhoibrigh OOP, Chaisleán Bhaile Átha Cliath le Gailearaí Crawford don chéad taispeántas i mBaile Átha Cliath. Thug *Crawford at the Castle* léargas ar leith ar shaol agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann le trí chéad bliain. I gcomhthéacs 1916, thug oibreacha ealaíne John Lavery, Seán Keating agus Séamus Murphy léargas fíor-ábhartha ar pholaitíocht achrannach thús na fichiú haoise.
- Sheol OOP Taispeántas IAWATST (SAAAAC) sna Printworks, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 16 Samhain 2016. Bhí sé ar taispeántas ansin go dtí lár mhí na Nollag, tráth ar aistrigh sé chuig Amharclann agus Gailearaí Alley, An Srath Bán. Bhí an taispeántas i nGailearaí LAB i Mí Feabhra 2017. Is giorrúchán é IAWATST ar "'Interesting And Weird At The Same Time'. Is comhthionscadal a bhí sa taispeántas idir OOP, An Roinn Airgeadais (Feidhmeannas Stormont), Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Gailearaí LAB agus Príomh-Mhodhscoil Sinsearach, Baile Átha Cliath 1. Roghnaigh daltaí 4ú rang ón bPríomh-Mhodhscoil Sinsearach 20 obair ealaíne don taispeántas agus léiríonn an teideal, oscailteacht agus úire a gcuid roghanna.

### Éachtaí eile

- Cuireadh críoch rathúil leis an mórthionscadal caomhnaithe a bhí ar siúl le 5 bliana ag Séipéal Chormaic ar Charraig Phádraig;
- Rinneadh oibreacha práinneacha cóirithe struchtúrach ar Sceilg Mhichíl, mar a ndearna maidhm charraige damáiste mór do bhóthar an Tí Solais agus don bhalla;
- Lean oibreacha caomhnaithe, daingniú agus cóiriú creatlagh agus tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta ar aghaidh ag láithreáin éagsúla, ina measc, Caisleán Urumhan, Caisleán Chúirt an Bharraigh, Caisleán na Cathrach, Teach Meánaoiseach ag Cill Meallóg, Daingean Rinn Chorráin, Mainistir Chill na Mallach, Caisleán Ard Mhaolabháin, Caisleán Achadh na nLú, Caisleán Eas Géitinne, Eaglais agus Cloigtheach Chromadh, Caisleán Bhéal Átha Málais, Eaglais Droim Leathan, Eaglais Tigh Tua agus Príosún Chill Mhaighneann.
- Lean páirtíocht ghníomhach idir OOP agus Páirtithe Straitéiseacha, Fáilte Éireann agus an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gnóthaí Tuaithe, Réigiúnacha agus Gaeltachta, i dtaca leis an gClár um Infheistíocht Turasoíreachta 2016 – 2021 a thacaíonn le gnóthaí éagsúla na Brandála Turasoíreachta éagsúla i.e. "Slí an Atlantaigh Fhiáin", "an tOirthear Ársa" agus *Dublin, A Breath of Fresh Air*. I measc oibreacha eile i gcomhar le

Páirtithe Cultúrtha Institúide, rinneadh tionscnamh um Éire Chruthaitheach a fhorbairt, leis an gcuispóir torthaí forbartha caipitil, a bheadh dearfach, a bhaint amach do na hinstitúidí sa todhchaí. *Ancient East* and *Dublin, A Breath of Fresh Air*.

- Is clár oiliúna agus creidiúnaithe caighdeán é an Clár um Chaighdeán Músaem a reáchtáil an Chomhairle Oidhreachta. In 2016, rinne Caisleán Rath Fearnáin agus Caisleán Bhaile Átha Cliath iarratas ar lánchreidiúnú, agus choimeád Músaem an Phiarsaigh agus Baile an Chaisleáin lánchreidiúnú.
- D'oibrigh OOP le réimse páirtithe leasmhara i rith 2016, chun réimse leathan ócáidí cultúrtha agus spóirt a láithriú. Bhí láithreáin oidhreachta atá faoi chúram OOP lánach sa chlár Seachtaine Oidhreachta i Mí Lúnasa 2016, ag ceiliúradh oidhreachta na hÉireann agus ag éascú rochtain oscailte, i dtaca leis na hionaid ar fad do shaoránaigh.

## 4.2 Bainistíocht Riosca Tuile

Is í OOP an príomhghníomhaireacht in Éirinn i dtaca le bainistíocht riosca tuile. Tá freagracht uirthi, dá bhrí sin, as beartais agus straitéisí cuimsitheacha maidir le bainistíocht riosca tuile a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme. Is iad seo príomhfheidhmeanna an chlár seo:

- Comhairle a chur ar an Rialtas faoi bhainistíocht riosca tuile agus faoi bheartais maidir le bainistíocht riosca tuile;
- Clár oibre agus bearta maidir le bainistíocht riosca tuile a fhorbairt agus a sholáthar; agus
- Clár éifeachtach um chúrsaí abhann a draenáladh faoi fhorálacha na nAchtanna um Dhraenáil Artaireach a choimeád ar bun.

**Cuspóir:** *Comhairle, moltaí, straitéis agus pleananna cuí um pholasaí riosca tuile a sholáthar.*

### Tuarascáil Eatramhach an Ghrúpa Comhordaithe um Pholasáí Tuile

Rinne an Grúpa um Rialtais Iomlán beartais an Rialtais a mheas, chun tacú le teaghlaigh agus gnónna ar chuir na tuilte isteach orthu. Is í aidhm an Ghrúpa Comhordaithe cúram a dhéanamh maidir le réitigh neamhstruchtúracha le bonn eolais a chur faoi straitéisí feidhmithe na bPleananna Bainistíochta Riosca Tuile agus a chinntiú go gcuirfear san áireamh bearta a rachadh chun leasa go díreach don phobal agus do dhaoine aonair – le bheith ullmhaithe agus déileáil le tuilte, nó maireachtáil le riosca tuile. D'aontaigh an Rialtas le moladh an Ghrúpa i leith scéim athlonnaithe deonach aonuaire, a bheadh dírithe ar na teaghlaigh sin ba mheasa a bhí buailte de bharr na dtuilte a tharla i nGeimhreadh 2015/2016. Cuireadh tuarascáil eatramhach an Ghrúpa faoi bhráid an Rialtais i Mí na Nollag 2016 agus ghlac an Rialtas leis. Tá tuarascáil dheiridh an Ghrúpa á ailíniú d'ullmhúchán na bPleananna Bainistíochta Riosca Tuile.

### Grúpa Comhordaithe Beartais Tuile Idir-rannach i dtaca le Bainistiú Riosca Abhainn na Sionainne

Bunaíodh an grúpa seo chun comhoibriú idir na Gníomhaireachtaí Stáit ar fad a bhfuil baint acu le hAbhainn na Sionainne a chur chun cinn. Rinne an Grúpa na nithe seo in 2016:

- Rinneadh iniúchadh ar ról agus freagrachtaí na nGníomhaireachtaí Stáit atá páirteach i mbainistiú riosca tuile in abhantrach na Sionainne. Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Oibre 2016 ina bhfuil réimse beartas agus gníomhaíochtaí leagtha amach, chun cuidiú le riosca tuile a bhainistiú in abhantrach na Sionainne;
- Pléadh na Pleananna um Bhainistiú Riosca Tuile d'abhantrach na Sionainne (a ullmhaíodh faoin gClár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuile san Abhantrach (CFRAM));
- Reachtladh 3 Lá Oscailte chun ról agus obair an Ghrúpa a chur os comhair an phobail agus tionóladh cruinniú le Cumann Feirmeoirí na hÉireann chun ábhair imní a phlé agus a scrúdú; agus
- Oibríodh le comhairleoirí dlí an Stáit chun treoir a ullmhú do bhruachúinéirí, maidir lena gcearta agus freagrachtaí.

Phléigh an grúpa agus rinneadar cinntí maidir leis an tairbhe a bheadh le beartais chomhoibrithe i leith riosca tuile a bhainistiú i rith Gheimhridh 2016/2017 agus sna blianta amach romhainn. Ina measc, pléadh íslíú na leibhéil uisce i Loch Aillionn, na "pointí fáiscithe" a bhaint amach agus plé maidir le clár straitéiseach cothabhála a ullmhú d'Abhainn na Sionainne.

**Cuspóir:** *Straitéisí fadtéarmacha a leagan amach chun riosca tuile a bhainistiú, ag cur san áireamh na ngnéithe a d'fhéadfadh tarlú de bharr athrú aeráide*

Foilsíodh na Dréachtphleananna um Bhainistiú Riosca Tuile atá bunaithe ar léarscáileanna tuilte i dtéarmaí athrú aeráide a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, maraon leis an staid reatha. Foilsíodh na dréachtphleananna seo i gconhair comhairliúcháin, ar bhonn atrátha ó mhí Iúil 2016. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí ag deireadh 2016. Ag an am céanna cuireadh na Dréachtphleananna os comhair na gComhairlí agus reáchtáladh Laethanta Comhairliúcháin Poiblí breise (PCD) do Phobail ar fud na tíre.

**Cuspóir:** *Tacú le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe*

Lean OOP ag soláthar seirbhísí comhairleoireachta do na húdaráis phleanála maidir le feidhmiú na dTreoirínte um Chóras Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuile. Tacaíonn ullmhúchán na léarscáileanna tuilte faoin gclár CFRAM leis an gcomhairle seo.

**Cuspóir:** *Scéimeanna Faoisimh Tuile (ag céimeanna éagsúla maidir le dearadh, pleanáil, feidhmiú agus tabhairt chun críche), cainéil draenála éifeachtúla agus claífoirt agus réitigh áitiúla d'fhadhbanna áitiúla tuile*

- Caitheadh €47m de chaiteachas caipitil ar mhórscéimeanna faoisimh tuile agus mionobreacha eile.
- Thosaigh obair thógála ar sheacht mhórscéim, ina measc, Baile Chláir na Gailimhe, Abhainn Dhún Choillín, Droichead na Bandan, an Sciobairín, An Fearann Thuaidh, Faing agus Cathair Luimnigh agus lean obair ar aghaidh ar roinnt scéimeanna eile, ina measc, Bré, South Campshires, Inis, agus Abhainn na Dothra i mBaile Átha Cliath. Tugadh cuid mhor den obair chun críche ar chéim 2, 3, agus 4 de scéim Chathair Phort Láirge.
- Rinneadh dul chun cinn ar obair dheartha roinnt mhórscéimeanna eile agus cuirfear tús le seacht scéim eile in 2017.
- Rinneadh cothabháil ar 2114km de chainéal draenála artaireach OOP, is ionann sin agus thart ar 18.4% d'iomlán an chainéil draenála artaraigh de chuid OOP sa Stát.
- Cothabháladh 179km de chlaífoirt OOP in 2016, is ionann sin agus 22.5% d'iomlán claífoirt OOP sa Stát.
- Lean an OOP i gcomhar leis an Roinn Éalaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (an tSeirbhís Páirceanna agus Fiadhúlra), le hullmhú plean píolótach um bhainistíocht caomhnaithe eanach agus rinneadh ceann de na cainéil faoinár gcúram a dhraenáil. Tá an plean píolótach seo, a mhol OOP, liostaithe mar ghníomh sa Straitéis Náisiúnta Tailte Portaigh. Tá staidéar bonnlíne éicea-hídreolaíoch curtha i gcrích.

Ó 1995, i gcomhar leis na húdaráis Áitiúla ábhartha, tá 38 mórscéim faoisimh tuile curtha i gcrích ag OOP agus ó 2009 tá maoiniú ceadaithe ag an Oifig do 597 mhionionscadal oibre. Rinneadh infheistíocht iomlán de €511m i mbainistíocht riosca tuile ó 1995. Chuaigh an infheistíocht seo chun tairbhe do 14,000 áitreabh agus meastar go bhfuil sochar de €1.4 billiún bainte amach ag an Stát de bharr damáiste agus cailleanais a sheachaint.

**Cuspóir:** *Tacú le beartais athléimneachta agus seirbhísí eolais agus sonraí riosca tuile a fhorbairt*

### **Seirbhís Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuile**

Chinn an Rialtas i mí Eanáir 2016 go mbunófaí Seirbhís Náisiúnta Rabhaidh agus Réamhaisnéise Tuile. Nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm go hiomlán, beidh seo mar bhuntáiste mór do phobail agus do dhaoine aonair agus iad ag ullmhú agus ag maolú bagairtí ó thuilte. De bharr cinneadh an Rialtais tugadh deis dul chun cinn a dhéanamh maidir le feidhmiú na céad chéime den tseirbhís ina mbeidh na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Bunú Seirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise Tuile mar aonad oibríochta laistigh de Met Éireann: agus
- Bunú Aonad Maoirseachta Neamhspleách laistigh d'OOP.

Bunaíodh grúpa stiúrtha, ar a bhfuil ionadaithe ón OOP, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Údaráis Áitiúil, Met Éireann agus ó na húdaráis Áitiúla chun an tseirbhís nua a stiúradh, agus chun tacaíocht a thabhairt di agus

mairseacht a dhéanamh. Bhí seacht gcruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha, faoi chathaoirleacht OOP i rith na bliana. Aontaíodh Téarmaí Tagartha agus ullmhaíodh agus aontaíodh plean feidhmithe. De bharr chomh casta is atá sé seirbhís den chineál seo a bhunú, a dhearadh, a fhorbairt agus a thástáil, ceaptar go nglacfaidh sé 5 bliana sula mbeidh an chéad chéim ag feidhmiú go hiomlán. Idir an dá linn, leanfaidh an córas rabhaidh agus réamhaisnéise agus na socruithe atá ann i láthair na huaire.

### Gníomhaíochtaí eile in 2016

- Chuidigh OOP le bearta an Rialtais i leith na dtuile a tharla i mí Eanáir 2016, tríd an nGrúpa Náisiúnta um Chomhordú Drochaimsire a bunaíodh mar chuid den chreat Náisiúnta um Bhainistíocht Éigeandála. San áireamh, cuireadh nuashonraí laethúla ar fáil maidir le leibhéil uisce na bpríomhaibhneacha a fuarthas ó shonraí a sholáthar OOP ar thairseach leibhéal uisce OOP (féach thíos). Cuireadh comhairle ar fáil freisin d'údaráis áitiúla agus do dhreamanna eile maidir le fógraí faoi réamhaisnéis tuile ón gCóras Feasachta Tuile Eorpach (EFAS).
- Feidhmíonn OOP stáisiúin tomhaiseoireachta uisce dromchla ag 395 ionad, idir aibhneacha, lochanna agus ag láithreacha taoide ar fud na tíre, agus tá sonraí faoi leibhéal uisce ó fhormhór na stáisiún seo ar fáil anois i bhfíor-am (gach 15 noiméad) ar [www.waterlevel.ie](http://www.waterlevel.ie). Tá an tóir atá ar an tairseach gréasáin seo ag méadú an t-am ar fad ó seoladh é in 2013, agus taifeadadh 400,004 cuairt in 2016, ardaithe ó 359,271 a taifeadadh in 2015. Chruthaigh an tairseach gréasáin seo fíorluachmhar i monatóireacht leibhéal uisce, agus le cuidiú le bainistiú agus dul i ngleic leis na drochthuile a tharla le linn Gheimhridh 2015/2016 (Mí Eanáir 2016, san áireamh). Bhain OOP, Údaráis Áitiúla, Uiscebhealaí Éireann, Bord Soláthair Leictreachais, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an pobal agus na meáin úsáid fhorleathan as, mar fhoinsé eolais i dtaobh déine na dtuile ar fud na tíre.
- Rinneadh suirbhé custaiméirí i ndeireadh 2016, chun an tseirbhís agus feidhmiúlacht na tairsí gréasáin [www.waterlevel.ie](http://www.waterlevel.ie) a fheabhsú agus fuarthas 300 freagra. Bhí an chuid is mó de na freagraí an-dearfach agus mhol roinnt custaiméirí feabhsúcháin áirithe ar mhian leo a fheiceáil. Tá na moltaí seo á meas agus tabharfar aird ar riachtanais úsáideoirí na seirbhíse, chomh fada agus is féidir.
- Sna Gradaim um Sárfheabhais agus Nuálaíochta sa Stáitseirbhís i 2016, ainmníodh an Tairseach gréasáin um Uasghrádú Staidéir Tuilte sa chatagóir “Barrfheabhas sa Réimse Nuála” agus bhí sé ar an ngearrliosta sa mbabhta deiridh, i measc 30 iomaitheoir eile a bhí ainmnithe i ndeich gcatagóir éagsúla ar nós, barrfheabhais maidir le polasaí, nuáil, seirbhís do chustaiméirí agus i bhforbairt scileanna.

### 4.3 Seirbhísí Corparáideacha

Áirítear i Seirbhísí Corparáideacha feidhmeanna mar Acmhainní Daonna, Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide, agus seirbhísí eile atá riachtanach d'oibríochtaí na hOifige ó lá go lá.

**Cuspóir:** *Seirbhís thacaíochta éifeachtúil agus éifeachtach a sheachadadh le cur i bhfeidhm príomhchuspóirí OOP a éascú.*

- Ba é ollchaiteachas OOP ar Vóta OOP in 2016 ná €391.487m arb ionann é agus 100% den dáileadh Vóta a bhí ar fáil sna Meastacháin Athbhreithnithe.
- Phróiseáil brainse cuntas OOP 78,524 íocaíocht chuig soláthraithe in 2016 bainteach le 56,102 sonrasc agus rinneadh 71% de na híocaíochtaí laisitigh de 15 lá. Próiseáladh 85,321 íocaíocht thuarastail agus 9,775 éileamh taistil agus cothaithe do 2,150 ball foirne in 2016.
- B'ionann na fáltais iomlána Leithreasaí i gCabhair agus €32.685m, barrachas de €5.707m thar an gceanglas fáltais bliantúil. Fuarthas €114.3m breise ó Chliant-ranna ar son Seirbhísí Gníomhaireachta a chuireann OOP ar fáil ar bhonn aisíocaíochta. Próiseáladh íocaíochtaí arbh ionann agus €101.375m ar son tionscadail agus seirbhísí a bainistíodh ar bhonn gníomhaireachta thar ceann Ranna Rialtais eile.
- D'eisigh Seirbhísí Dlí tuarascálacha ar bhonn ráithiúil do bhainistíocht shinsearach maidir le héilimh ghníomhacha ina rannáin.
- Lean monatóireacht maidir le comhlíonadh ár ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, tosaíodh ar

ár dtríú scéim teanga a dhréachtadh, trí aighneachtaí a a iarraidh.

- Cuireadh Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2017 – 2019 uasdátaithe i gcrích.
- Maidir le Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC):
  - Rinneadh mórbair uasghrádaithe ar infreastruchtúr TEC chun léibheann a chur ar fáil le seirbhísí TEC a sheachadadh.
  - Cuireadh córas nua ríomphoist i bhfeidhm chun cúrsaí féilire agus comhoibriú a fheabhsú.
  - Rinneadh obair fheabhsúcháin ar inlíon OOP chun feabhas a chur ar chumarsáid inmheánach.
  - Rinneadh uasghrádú ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus cuireadh leagan nua le gnéithe nua feistithe air, ar fáil, chun inúsáidteacht a fheabhsú.
  - Dhéileáil Deasc Chabhrach TEC le 8,770 glao in 2016.
- Chomhoibrigh OOP le hOifig Phríomh-Oifigigh Faisnéise an Rialtais (OGCIO) agus leis an gCartlann Náisiúnta maidir le córas ríomhghoiciméad atá á ullmhú sa Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe.
- Chuir OOP a gcás gnó faoi bhráid an OGCIO maidir le Córas Bainistíochta Eastáit, agus ceadáíodh é, i Mí na Nollag 2016.
- Lean OOP leis an gclár printíseachta ceirde a thosaigh in 2014 i gcomhar leis an Údarás Breisoideachais agus Oiliúna (SOLAS). Thosaigh cúigear printísigh siúinéireachta/saor adhmaid i rith 2016. Mar sin bhí naonúr agus fiche ag gabháil de chlár printíseachta OOP/SOLAS ag deireadh 2016, nuair a áirítear an líon sníodóir cloiche/saor cloiche agus na printísigh siúinéireachta/saor adhmaid.
- Cuireadh tús le foirmiú straitéise in 2016 i dtaca le Bainistíocht Acmhainní Daonna, Foghlaim agus Forbairt agus Cumarsáid Inmheánach, agus rinneadh polasaí a dhréachtadh i dtaca le Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil Buan.
- Chuir an tAonad Iniúchta Inmheánach 8 n-iniúchadh críochnaithe faoi bhráid an Choiste Iniúchta.
- Cuireadh tionscadal um Mheasúnú inniúlachtaí i gcrích maidir le réimse na Bainistíochta Punainne Eastáit, agus táthar ag cur gníomhartha a d'eascair as seo i bhfeidhm, i réimse na Foghlama agus Forbartha.

## 5. Clár Caiteachais

Leagtar riaradh agus cur chun feidhme roinnt réimsí éagsúla agus leithleacha maidir le seirbhísí Rialtais ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). Tá cuntas orthu seo faoi dhá phríomhchlár le tacaíocht riaracháin ó Sheirbhísí Corparáideacha.

### Achoimre ar chaiteachas OOP

<b>Caiteachas Cláir*</b>	<b>2015</b>	<b>2016</b>
	€000	€000
Clár A – Bainistíocht Riosca Tuile	75,324	80,127
Clár B – Bainistíocht na Punainne Eastáit	<u>425,165</u>	<u>412,735</u>
	<b>Iomlán Comhlán 500,489</b>	<b>492,862</b>
<b>D- Leithreasáí i gCabhair</b>	<u>30,408</u>	<u>32,685</u>
	<b>Iomlán Glan 470,081</b>	<b>460,177</b>
<b>Maoiniú Clár</b>		
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí (Comhlán)	390,076	391,487
Cuntais Vóta Rannach á mbainistiú ag OOP	<u>110,413</u>	<u>101,375</u>
	<b>IOMLÁN 500,489</b>	<b>492,862</b>

\* Áirítear i gcaiteachas clár caiteachas díreach ar Vóta OOP, Seirbhísí Corparáideacha OOP agus oibreacha agus seirbhísí a bhainistíonn OOP ar bhonn aisíocaíochta do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Stáit eile.

### Struchtúr Bainistíochta

Tá an struchtúr bainistíochta nuashonraithe ar fáil ar an nasc seo: [www.whodoeswhat.gov.ie/root/opw/](http://www.whodoeswhat.gov.ie/root/opw/)

## 6. Staitisticí OOP

Foireann OOP	Foireann Bhunaithe	Foireann Thionsclaíoch
1604	636	968

Eolas Airgeadais	Líon	%
Líon na nÍocaíochtaí:	78,524	
Laistigh de 15 lá	56,102	71.45
Laistigh de 16 go 30 lá	21,947	27.95
Breis agus 30 lá	475	0.60

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach	Líon
Ceisteanna Parlaiminteacha	472
Eolas curtha ar fáil do Cheisteanna Parlaiminteacha eile	51
Díospóireachtaí Dála ar Shaincheisteanna Tráthúla	Curtha isteach (Iomlán) 4 Roghnaithe (1 Aistrithe chuig Roinn eile.)
Cúrsaí Tosach feidhme an tSeanaid	Curtha isteach (Iomlán) 4 Roghnaithe (1 Aistrithe chuig Roinn eile.)
Díospóireacht Atrátha	1
Uiríll Aireachta	896
Eolas ginearálta	Líon
Iarratais ar Shaoráil Faisnéise (FOI) Próiseáilte	119
Imeachtaí a Eagraíodh do na Meáin	54
Preasráitis a Eisíodh	82
Ceisteanna ar dheileáil an Phreasoifig leo	3,159
Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram OOP	780
Séadchomharthaí Náisiúnta le Seirbhís Threorach	70
Cuairteoirí Taifeadta ag Láithreáin Oidhreachta in 2016	5.5 milliún

Earnáil OOP	Úsáid Fuinnimh - Iomlán Fuinnimh Phríomhúil (TPER, GWh)
Foirgnimh an Chumhacht á Barrfheabhsú@an Obair	34.57
Láithreáin Stairiúla	9.29
Páirceanna	1.00
Stáisiúin Chaidéalúcháin	1.41
Iompar	6.72
Foirgnimh Eile	1.71
Iomlán	54.7